



# ELeathanach 467




Dé Máirt, an 7 Bealtaine 2024



**Rásaí sealaíochta**



## Comórtas Domhanda Lúthchleasaíochta sna Bahámaí

Tharla an comórtas seo ag an deireadh seachtaine. Bhí rásaí sealaíochta 4 x 400m ann inar ghlac mná agus fir páirt. Glac foireann na hÉireann páirt sna rásaí.

Bhuaigh foireann na hÉireann an babhta cáilithe agus tháinig siad sa tríú háit sa rás féin. Dá bhrí sin, bhuaigh siad bonn cré-umha an duine. Ach chomh maith leis sin, d'éirigh leo áit a fháil sna Cluichí Oilimpeacha an samhradh seo.

90 nóiméad níos déanaí, bhí beirt ón bhfoireann seo ag rith i rás cáilithe na mban; Adeleke agus Mawdsley. Arís, bhí rás an-mhaith acu sa bhabhta cáilithe, ach tháinig siad sa seachtú háit sa bhabhta ceannais. Ach, d'éirigh leo áit a fháil sna Cluichí Oilimpeacha chomh maith.


## Turasóirí dána sa tSeapáin

Téann a lán daoine ar laethanta saoire go dtí an tSeapáin. Tá clú agus cáil ar Shliabh Fuji. Is bolcán beo é ach níor phléasc sé ó 1707.

In aice le Sliabh Fuji, tá baile ann darb ainm Fujikawaguchiko agus téann a lán turasóirí ansin chun grianghraif a ghlacadh. Síleann siad go bhfuil cuma iontach ar Shliabh Fuji ó Fujikawaguchiko.

Ach tá muintir na háite buartha faoi na turasóirí. Ní bhíonn siad cúramach ag trasnú an bhóthair agus fágann siad a lán bruscair ina ndiaidh.

Chun stop a chur leis na cuairteanna, tá muintir an bhaile ag tógáil scáileán ollmhór chun an radharc a bhlocáil. Beidh an scáileán beagnach 20m ar fad agus 2.5m in airde.





**Brón**



**Fearg**



**Áthas**



**Eagla**



**Déistin**

## *Inside Out 2*

Naoi mbliana ó shin, sa bhliain 2015, bhí an scannán *Inside Out* sna pictiúrlanna. Bhí an scéal bunaithe ar Riley agus ar na mothúcháin a bhí aici.

Is iad na mothúcháin a bhí le feiceáil sa scannán ná: áthas, brón, fearg, eagla agus déistin. Bhuaigh an scannán gradam *Oscar* sa bhliain 2016.

Beidh an scannán, *Inside Out 2*, sna pictiúrlanna an mhí seo chugainn. Beidh Riley píosa beag níos sine agus beidh mothúcháin nua le feiceáil, mar shampla, náire agus éad.

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta